




Tugann an lámhscríbhinn atá ar an mapa thuas le fios go raibh 30,877 acra talún i bparóiste an Chnoic, de réir dhaonáirimh 1911, go raibh 485 theach ann agus 2,508 daoine. De réir Griffith's Valuation 1844, bhí 32,221 acra sa bparóiste céanna.

Tá na paróistí éagsúla, sna deoísí éagsúla, (idir lúibíní) liostaithe de réir datha freisin:

Buí – Paróiste an Chnoic (Tuaim);
Dearg – Paróiste an Spidéil (Gaillimh);
Corcra – Paróiste Mhaigh Cuilinn (Gaillimh);
Bándearg – Paróiste Chill Ainnín (Gaillimh);
Glas – Paróiste Uachtar Ard (Gaillimh);
Donn – Paróiste Ros Muc (Gaillimh);
Gorm – Paróiste an Chillín (Tuaim).
Mar is léir, áfach, níl na dathanna an-soiléir.

Mol an Óige



Is mise Laoise Bleasdale agus imrím camógaíocht le Cumann Camógaíochta Chois Fharráige. Is í an chamógaíocht ceann de na cluichí is sciliúla ar domhain agus ní amháin sin, is í an cluiche páirce is sciobtha ar domhan í. Tá mé ansásta a bheith in ann í a imirt.

Bíonn traenáil againn gach Sathairn ar pháirc na mBreathnaigh, ón 4 go dtína 6. Bíonn traenáil eile againn gach Déardaoin ar pháirc na Tulai, ón 7:30 go dtína 9. Is breá liom é seo, mar i rith an ama seo bím ag caitheamh ama le mo chairde ag imirt an chluiche is fearr liom, agus chomh maith leis sin coinníonn sé aclaí agus láidir muid le haghaidh na gcluichí. Is muid an t-aon chumann

camógaíochta Gaeltachta sa tír a labhraíonn Gaeilge an t-am ar fad i rith na traenála, na gcluichí, srl.

Glacann muid páirt i ggraobh an chontae ó faoi-10 suas go dtí sóisear. Tá mise ar an bhfoireann faoi-14, faoi-15 agus faoi-16 i mbliana. Taitníonn sé liom mar is spraoi agus comórtas é ag an am céanna. Na dathanna atá againn ná geansaí marún agus sciorta dúghorm.

Bíonn campa samhraidh ag an gCumann gach bliain agus bíonn an-spraoi ann! Tháinig Veronica Curtin againn an bhliain seo caite, bhí sí an-mhaith. Bhí 'social' againn i mbliana in Óstán na Páirce agus bhí chuile dhuine ann agus bhí sé iontach!